Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12585/22

LIMITE

COASI 150
ASIE 73
CFSP/PESC 1194
RELEX 1213
COHOM 110
CONOP 88
COTER 223
WTO 176
JAI 1203
DEVGEN 176
AGRI 455
TRANS 583
ENV 893
ENER 453
ECOFIN 883
EDUC 319
CULT 99
CLIMA 455
MIGR 262
ASEM 24

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2022/0221(NLE)**
**2022/0222(NLE)**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11712/22 + ADD1, 11711/22 + ADD1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chreat-Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile<br>– Glacadh<br>agus<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh an Chreat-Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile<br>– Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 25 Samhain 2004, d'údaraigh an Chomhairle caibidlíocht le haghaidh Creat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar leis an Malaeisia (14844/04 DCL 1). Sonraíodh sna treoracha caibidlíochta go gcinnfí cineál dlíthiúil an chomhaontaithe ag deireadh na caibidlíochta agus ar bhonn an téacs a d'eascair as an gcaibidlíocht sin.

2. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht leis an Malaeisia in 2011 agus tugadh i gcrích í i mí na Nollag 2015. Cuireadh inisealacha leis an gComhaontú an 6 Aibreán 2016.

3. An 5 Lúnasa 2016, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle Togra Comhpháirteach le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chreat-Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus Rialtas na Malaeisia agus an dréacht-Chreat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus Rialtas na Malaeisia (11644/16 + ADD1).

4. Ag an gcruinniú a bhí aici ar an 21 Meán Fómhair 2016, d'iarr an Mheitheal um an Áise-Aigéine (COASI) go n-athrófaí cineál dlíthiúil an chomhaontaithe ionas gur comhaontú measctha a bheadh ann agus d'iarr sí ar an gCoimisiún agus ar SEGS scrúdú a dhéanamh ar na roghanna maidir le cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe. D'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an seasamh sin an 22 Márta 2017.

5. An 3 Iúil 2018, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle Togra Comhpháirteach le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chreat-Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile (10755/18 + ADD1). An 19 Meán Fómhair 2018, mhol Coiste na mBuanionadaithe go nglacfadh an Chomhairle an Cinneadh agus go n-údaródh sí síniú an chomhaontaithe (12102/18).

6. An 9 Aibreán 2019, cuireadh in iúl do Choiste na mBuanionadaithe go raibh drogall ar an Malaeisia glacadh le cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe agus, mar thoradh air sin, go ndéanfaí téacsanna athbhreithnithe a mholadh don Chomhairle.

7. An 1 Lúnasa 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chreat-Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile (11712/22 + ADD1). Ní dhearnadh foráil sa téacs athbhreithnithe maidir le cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe.

8. An 19 Meán Fómhair 2022, d'aontaigh COASI go n-iarrfaí ar Choiste na mBuanionadaithe na téacsanna a fhormheas.

PUBLIC

9. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe sin a ghlacadh, mar a leagtar amach in 11715/22 agus in 11732/22 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga;

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa;

– cinneadh a dhéanamh an dréacht-Chinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin, mar a leagtar amach in 11714/22 agus in 11732/22 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil;

PUBLIC